

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/829 ÓN gCOIMISIÚN**an 25 Bealtaine 2022****lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 31/96 a mhéid a bhaineann leis na hinstiúidí atá incháilithe do dhíolúine ó dhleacht mháil**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leasaíodh Treoir 2008/118/CE le Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle ⁽²⁾, lenar tugadh isteach díolúintí ó cháin bheisluacha agus ó dhleacht mháil a íoc i leith iarrachtaí cosanta a dhéantar laistigh de chreat an Aontais.
- (2) Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 31/96 ón gCoimisiún ⁽³⁾ an deimhniú díolúine atá le húsáid chun a dheimhniú go bhfuil idirbheart áirithe incháilithe do dhíolúine ó dhleacht mháil a íoc faoi Airteagal 12 de Threoir 2008/118/CE. Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit an díolúine ó dhleacht mháil a íoc a chur i bhfeidhm maidir le hiarrachtaí cosanta mar a leagtar amach in Airteagal 12(1), pointe (ba), de Threoir 2008/118/CE, ba cheart an deimhniú sin a leasú.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 31/96 a leasú dá réir.
- (4) Ós rud é go bhfuil feidhm ón 1 Iúil 2022 ag Airteagal 12(1), pointe (ba), de Threoir 2008/118/CE, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dhleacht Máil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 31/96.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin**An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

⁽¹⁾ IO L 9, 14.1.2009, lch. 12.⁽²⁾ Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí cosanta laistigh de chreat an Aontais (IO L 336, 30.12.2019, lch. 10).⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 31/96 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 1996 maidir leis an deimhniú díolúine ó dhleacht mháil (IO L 8, 11.1.1996, lch. 11).

IARSCRÍBHINN

AN tAONTAS EORPACH

DEIMHNIÚ DÍOLÚINE Ó DHLEACHT MHÁIL
(Treoir 2008/118/CE ón gComhairle - Airt.
12 (1))

Sraithuimhir (roghnach):

1. INSTITIÚID/DUINE AONAIR INCHÁILITHE

Ainmníúchán/ainm
 Sráid agus Uimh.
 Cód poist, áit
 Ballstát (óstach)

2. ÚDARÁS INNIÚIL MAIDIR LEIS AN STAMPA A

EISIÚINT (Ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus
 uimhir theileafóin)

3. DEARBHÚ ÓN INSTITIÚID NÓ ÓN DUINE INCHÁILITHE

Dearbhaíonn an institiúid nó an duine aonair incháilithe (1)

leis seo

(a) go bhfuil na hearraí a leagtar amach i mbosca 5 beartaithe (2)

- ☐ le haghaidh úsáid oifigiúil
- ☐ misin eachtraigh taidhleoireachta
 - ☐ ionadaíochta eachtraí consalaí
 - ☐ eagraíochta idirnáisiúnta
 - ☐ fórsaí armtha Stáit is páirtí i gConradh an Atlantaigh Thuaidh (fórsa ECAT)
 - ☐ fórsaí armtha aon Bhallstáit atá rannpháirteach i ngníomhaíocht de chuid an Aontais faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC)

☐ le haghaidh úsáid phearsanta

- ☐ baill de mhisean eachtrach taidhleoireachta
- ☐ baill d'ionadaíocht eachtrach chonsalach
- ☐ baill foirne d'eagraíocht idirnáisiúnta

(ainmníúchán na hinstitiúide) (féach bosca 4)

(b) go bhfuil na hearraí a dtugtar tuairisc orthu i mbosca 5 i gcomhréir leis na coinníollacha agus na teorainneacha is infheidhme maidir leis an díolúine sa Bhallstát óstach a luaitear i mbosca 1, agus

(c) go dtugtar an fhaisnéis thuas de mheon macánta. Geallann an institiúid nó an duine aonair incháilithe leis seo go n-íocfaidh sí/sé leis an mBallstát ónar seoladh na hearraí, an dleacht mháil a bheadh dlite i gcás nach mbeadh na hearraí sin i gcomhréir le coinníollacha na díolúine, nó i gcás nach n-úsáidfí na hearraí ar an mbealach a bhí beartaithe.

Áit, dáta

Ainm agus stádas an tsínitheora

Síniú

4. STAMPA NA hINSTITIÚIDE (i gcás díolúine le haghaidh úsáid phearsanta)

Áit, dáta

Ainm agus stádas an tsínitheora

Síniú

5. TUAIRISC AR NA HEARRAÍ ARNA SEOLADH, A NIARRTAR AN DÍOLÚINE Ó DHLEACHT MHÁIL LENA nAGHAIDH

A. Faisnéis a bhaineann leis an gcoimeádaí stórais údairithe

(1) Ainm agus seoladh

(2) Ballstát

(3) Uimh. mháil

(roghnach)

B. Faisnéis a bhaineann leis na hearraí

Uimh.	Tuairisc mhionsonraithe ar na hearraí (3) (nó tagairt don fhoirm ordaithe atá i gceangal leis seo)	Cainníocht nó Líon	Luach, gan dleacht mháil a áireamh		Airgeadra
			Luach in aghaidh an aonaid	Luach iomlán	
Méid iomlán					

6. DEIMHNIÚ Ó ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALSTÁIT ÓSTAIGH Tá an choinsíneacht earraí

a dtugtar tuairisc uirthi i mbosca 5 i gcomhréir

o go hiomlán

o suas le cainníocht(líon) (4)

leis na coinníollacha maidir le díolúine ó dhleacht mháil

Áit, dáta

Ainm agus stádas an tsinitheora

Síniú

7. CEAD CHUN AN STAMPA A FHÁGÁIL AR LÁR (i gcás díolúine le haghaidh úsáid oifigiúil, agus sa chás sin amháin)

Le litir Uimh.

(tagairt don chomhad)

an

(dáta)

tá cead tugtha ag

(ainmniúchán na hinstiúide incháilithe)

an stampa faoi bhosca 6 a fhágáil ar lár.

(ainmniúchán an údaráis inniúil sa Bhallstát óstach)

Áit, dáta

Ainm agus stádas an tsinitheora

Síniú

Stampa

(1) Scríos de réir mar is cuí.

(2) Cuir cros sa bhosca iomchuí.

(3) Scríos an spás nach n-úsáidtear. Tá feidhm ag an oibleagáid sin freisin má tá foirmeacha ordaithe i gceangal.

(4) Ba cheart na hearraí nach bhfuil incháilithe a scríosadh i mbosca 5.

Nótaí míniúcháin

1. Fónann an doiciméad seo don choimeádaí stórais údaraithe mar dhoiciméad tacaíochta i ndáil leis an díolúine chánach i leith na gcoinsíneachtaí earraí a fhaigheann na hinstitiúidí/daoine aonair incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Threoir 2008/118/CE. Dá réir sin, déanfar deimhniú amháin a tharraingt suas le haghaidh gach coimeádaí stórais. Thairis sin, ní mór don choimeádaí stórais an deimhniú sin a choimeád mar chuid dá thaifid i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme ina Bhallstát.
2. (a) Is ionann sonraíocht ghinearálta an pháipéir atá le húsáid agus an tsonraíocht sin a leagtar síos in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. C 164 an 1.7.1989.

Ar pháipéar bán a bheidh na cóipeanna uile agus ba cheart an páipéar a bheith 210 milliméadar faoi 297 milliméadar le lamháltas uasta 5 mhilliméadar níos giorra nó 8 milliméadar níos faide maidir lena bhfad.

Déanfar an deimhniú díolúine a tharraingt suas i ndúblach:

 - (i) coinneoidh an coinsíneoir cóip amháin,
 - (ii) beidh cóip amháin ag gabháil leis an doiciméad tionlacain riaracháin
- (b) Cuirfear líne trí aon spás nach n-úsáidfear i mbosca 5.B ionas nach féidir aon rud a chur leis.
- (c) Ní mór an doiciméad a líonadh isteach ar bhealach inléite agus ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh na hiontrálacha doscrista. Ní cheadaítear aon scríodh ná forscríobh. Líonfar isteach é i dteanga a aithníonn an Ballstát óstach.
- (d) Má thagraíonn an tuairisc ar na hearraí (bosca 5.B den deimhniú) d'fhoirm ordaithe ceannaigh a tarraingíodh suas i dteanga seachas teanga a aithníonn an Ballstát óstach, ní mór don institiúid/don duine aonair incháilithe aistriúchán a chur i gceangal.
- (e) Os a choinne sin, má tharraingítear suas an deimhniú i dteanga seachas teanga a aithníonn Ballstát an choimeádaí stórais, ní mór don institiúid/don duine aonair incháilithe aistriúchánar an bhfaisnéis a bhaineann leis na hearraí i mbosca 5.B a chur i gceangal.
- (f) Ciallaíonn teanga aitheanta ceann de na teangacha atá in úsáid go hoifigiúil sa Bhallstát nó aon teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a dhearbhaíonn an Ballstát mar theanga is féidir a úsáid chun na críche sin.
3. Leis an dearbhú i mbosca 3 den deimhniú, cuireann an institiúid/duine aonair incháilithe an fhaisnéis ar fáil a bhfuil gá léi le haghaidh na meastóireachta ar an iarraidh ar dhíolúine sa Bhallstát óstach.
4. Leis an dearbhú i mbosca 4 den deimhniú, deimhníonn an institiúid na mionsonraí i mbosca 1 agus i mbosca 3(a) den doiciméad agus deimhníonn sí gur ball foirne den institiúid é an duine aonair incháilithe.
5. (a) Ní mór an dáta agus an uimhir ordaithe, ar a laghad, a bheith sa tagairt don fhoirm ordaithe ceannaigh (bosca 5.B den deimhniú). Ba cheart na heilimintí ar fad atá i mbosca 5 den deimhniú a bheith ar an bhfoirm ordaithe. Más gá d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh an deimhniú a stampáil, stampálfar an fhoirm ordaithe freisin.
- (b) Maidir leis an uimhir mháil mar a shainmhínítear in Airteagal 19(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle ⁽¹⁾, tá rogha ann uimhir mháil an choimeádaí stórais a lua nó gan í a lua.
- (c) Ba cheart na hairgeadraí a lua trí bhíthin cód trí litir i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta ISO 4217 arna bhunú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).

6. Maidir leis an dearbhú thuasluaite ón institiúid/duine aonair incháilithe, déanfar é a fhíordheimhniú ag bosca 6 le stampa údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh. Is féidir don údarás a shocrú go mbraithfidh a fhormheas féin ar chomhaontú údaráis eile ina Bhallstát. Is faoin údarás inniúil cánach é an comhaontú sin a fháil.
 7. Chun an nós imeachta a shimpliú, is féidir don údarás inniúil scaoileadh leis an oibleagáid a bhíonn ar an institiúid incháilithe an stampa a iarraidh i gcás díolúine le haghaidh úsáid oifigiúil. Ba cheart don institiúid incháilithe an dispeansáid sin a lua i mbosca 7 den deimhniú.
-